An Roinn Oideachais
agus Scileanna
Department of
Education and Skills

Ciorclán 0027/2020

Chuig: Údaráis Bhainistíochta Bunscoileanna, Meánscoileanna, Scoileanna Pobail agus Cuimsitheacha Aitheanta agus Príomhfheidhmeannaigh na mBord Oideachais agus Oiliúna (BOO)

COVID-19

Socruithe oibre sealadacha do roinnt ball foirne san earnáil oideachais agus oiliúna

Cuspóir:

1. Is é cuspóir an Chiorcláin seo ná Údaráis Bhainistíochta agus Príomhfheidhmeannaigh BOO a chur ar an eolas faoi na socruithe nua chun foirne a chur ag obair go sealadach i réimsí oibre eile. Tá sé seo ag tarlú chun leanúnachas seirbhísí poiblí éigeantacha a dheimhniú agus tá sé ar cheann d'iliomad freagairtí ón Rialtas agus ó na húdaráis sláinte ar na dúshláin nach bhfacthas a leithéid cheana atá ag eascairt ó phaindéim COVID-19.

Tús Áite do Leanúnachas an Oideachais:

2. An rud is tábhachtaí ar fad san earnáil oideachais agus oiliúna ná leanúnachas oideachais a dheimhniú d'fhoghlaimeoirí agus tá dul chun cinn á dhéanamh ina leith seo ar fud na hearnála ag baint úsáide as bealaí oibre nua agus nuálacha.

3. Beidh ar an mbainistíocht breathnú ar an mbealach is fearr leis an fhoireann a úsáid chun an soláthar ar sheirbhísí oideachais a éacú.

Socruithe do Shannacháin Shealadacha:

4. Caithfidh fáil a bheith ar gach fostaí sa tseirbhís phoiblí nach bhfuil comhairle dochtúra acu chun féin-aonrú (cásanna inar deimhníodh nó ina bhfuiltear ag feitheamh le deimhniú COVID-19) le hobair a dhéanamh chun seirbhísí a sholáthar sa phost atá acu faoi láthair nó le sannadh in obair shealadach sa tseirbhís phoiblí níos leithne. Áirítear anseo fostaithe sa tseirbhís phoiblí ar comhairlíodh dóibh cosc a chur ar a ngluaiseachtaí agus obair a dhéanamh ón mbaile, nó atá ag obair ón mbaile toisc go bhfuil scoileanna dúnta. Dá réir, i gCiorcláin 0024/2020 agus 0025/2020 tá cur síos ar shocruithe oibre agus teidlíochtaí saoire do COVID-19.

5. Caithfidh údaráis bhainsitíochta scoile agus Príomhfheidhmeannaigh BOO na baill foirne a aithint anois a bhfuil gá leo chun an teagasc riachtanach a sholáthar agus a thacú do scoláirí le linn tréimhse dúnta na scoile/an lárionaid. Áirítear múinteoirí, teagascóirí, CRS agus foirne seirbhíse poiblí eile atá fostaithe, mar aon le baill foirne in Ardoifigí i gcás na mBOO.

Sráid Maoilbhríde, Baile Átha Cliath 1, D01 RC96
Marlborough St, Dublin 1, D01 RC96

T +353 1 889 6591 | Tara.Carton@education.gov.ie
www.education.ie

6. Nuair a bhíonn sé seo á dhéanamh, ba chóir do scoileanna agus do lárionaid pleanáil do theagmhais agus iad ar an eolas go mb'fhéidir go mbeidh a lán ball foirne nach mbeidh ar a gcumas leanúint ag obair má éiríonn siad breoite.

7. Beidh aon bhall den tseirbhís phoiblí nach gá iad a choinneáil chun seirbhísí tacaíochta oideachasúla a sholáthar nó a thacú, agus nach mbíonn comhairle dochtúra don fhéin-aonrú faighte acu, ar fáil do shannachán sealadach chun tacú le seirbhísí poiblí riachtanacha a sholáthar.

8. Chun an socrú oibre sealadach seo a chur i bhfeidhm, beidh bunachar sonraí lárnach ag an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí (PAS) trí publicjobs.ie inar féidir teacht ar bhaill foirne atá ainmnithe ag an mbainistíocht d'obair shannacháin agus beidh fáil ag soláthróirí seirbhísí riachtanacha ar sheirbhísí na n-oibrithe seo.

9. Caithfidh bainistíocht scoile agus earnálacha acmhainní daonna BOO na naisc thíos a chur chuig baill foirne atá aitheanta acu agus fáil bheith orthu do shannachán sealadach:

   (i) CRS

   Tá sainphróiseas bunaithe do Chúntóirí Riachtanais Speisialta (CRS), i ngeall ar na scileanna agus an taithí ar leith atá ag na baill foirne seo chun cuidiú le leanaí a bhfuil riachtanais chúraim bhreise acu. Tá tuilleadh eolais ar an ról ar dócha a bheidh ag CRS sa doiciméad faisnéise iniata ó FSS.

   Tá gach CRS le hainmniú do shannachán sealadach agus d'fhéadfaí glaoch orthu don sannachán faoi réir Chiorclán 0024/2020. Caithfidh an bhainistíocht scoile agus na rannóga Acmhainní Daonna an nasc seo a leanas mar aon le huimhir rolla na scoile a chur chuig gach CRS faoin **Aoine 3 Aibreán**:

   Ceistneoir CRS don Scéim Sannacháin Sealadach

   (ii) Baill foirne in Earnáil an Oideachais

   Ba chóir an nasc thíos a chur chuig gach ball den tseirbhís phoiblí i ngach grád, seachas CRS atá ainmnithe do shannachán sealadach, faoin **Aoine 3 Aibreán**:

   Ceistneoir faoin Scéim do Shannachán Sealadach

   D'fhéadfadh go nglaofaí ar gach ball foirne seachas CRS do shannachán faoi réir ag téarmaí Chiorcláin 0024/2020 agus 0025/2020.

10. Nuair a fhaigheann siad an nasc, iarrfar ar na baill foirne a sonraí a uaslódáil ar cheistneoir ar líne faoin **Mháirt 7 Aibreán**. Is féidir an ceistneoir a chomhlánú ar fhón póca, taibléad nó ríomhaire glúine chun úsáid a éascú agus tá eolas á éileamh ar nós UPSP, láthair, grád, réimse oibre, sonraí faoi scileanna, taithí srl.

11. Nuair a bhíonn na sonraí uaslódáilte acu, caithfidh na baill foirne a chur in iúl do bhainistíocht na scoile nó don earnáil acmhainní daonna BOO go bhfuil a leithéid déanta acu. Muna bhfaigheann bainistíocht na scoile/earnáil acmhainní daonna deimhniú ó bhall foirne ainmnithe faoi dheireadh an lae ar an **Mháirt 7 Aibreán**, caithfidh an bhainistíocht /an earnáil AD é seo a fhiosrú láithreach leis an mball foirne lena dheimhniú go gcuirtear a sonraí isteach de réir an Chiorcláin seo.

12. Déanfaidh PAS na freagairtí go léir ón gceistneoir a shainscagadh go laethúil agus clárófar an t-eolas ar bhunachair sonraí lárnacha.

13. Nuair a bhíonn na freagairtí ar an gceistneoir faighte, deimhneoidh PAS leis an scoil nó leis an earnáil acmhainní daonna go bhfuil na baill foirne sin a chomhlánaigh an ceistneoir ar fáil go fóill. **Ní bheidh an chéim deimhniúcháin breise seo i gceist do CRS mar glactar leis go bhfuil gach CRS ar fáil le scaoileadh.**

14. Ansin cuirfear na baill foirne atá ar fáil ar bhunachar sonraí ábhartha PAS do shannachán sealadach chuig comhlacht ábhartha. Beidh soláthróirí seirbhísí poiblí criticiúla eile ábalta iad seo a iarradh chun dualgais riachtanacha a chomhlíonadh.

15. Déanfaidh PAS agus FSS (i gcás CRS) scileanna a bhaineann leis an fhoireann is féidir a scaoileadh a mheaitseáil le folúntais agus déanfaidh siad an chéad teagmháil leo thar ceann an chomhlachta ábhartha, ag tabhairt eolais dóibh faoin ról agus an láthair oibre a bhainfidh leis an sannachán sealadach.

16. Déanfaidh PAS agus FSS (i gcás CRS) an próiseas don sannachán sealadach a chríochnú i gcomhairle leis an mball foirne atá le scaoileadh agus leis an gcomhlacht ábhartha agus cuirfear in iúl do bhainistíocht na scoile nó d'earnáil na n-acmhainní daonna. D'fhéadfadh go mbeadh seiceáil an Gharda i gceist ag brath ar nádúr an phoist ina mbeidh an duine á shannadh.

17. Níl aon chead in aon chúinsí ag an mball foirne a sonraí a uaslódáil chuig an suirbhé gan cead a bheith faighte ó bhainistíocht na scoile nó ón earnáil acmhainní daonna dá mBOO a leithéid a dhéanamh.

18. Beidh an Roinn ag obair i bpáirtnéireacht leis an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí (PAS) go leanúnach maidir le sonraí ardleibhéal agus staitisticí a roinnt ar na socruithe do shannacháin sealadacha.

19. Leanfaidh gach ball foirne a shanntar go sealadach mar bhaill foirne don fhostóir reatha/bunaidh agus leanfaidh siad ar phárolla an fhostóra sin le linn dóibh a bheith ar an sannachán sealadach. Má tharlaíonn go mbíonn ar an mball foirne saoire a ghlacadh le linn an tsannacháin shealadaigh, is cóir dóibh é sin a chur in iúl dá bhfostóir ar an ngnáthbhealach agus é a chur in iúl freisin don bhainisteoir reatha atá acu sa sa sannachán sealadach.

20. Tá fáil ar chóip de na Ceisteanna Coitianta faoi Shannacháin Shealadacha sa Státseirbhís agus sna Seirbhísí Poiblí, atá eisithe ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, ar www.per.gov.ie. Ba chóir an Ciorclán agus na Ceisteanna Coitianta ón RCPA (DPER) a léamh in éineacht le 0024/2020 agus 0025/2020 mar a bhaineann le socruithe oibre agus saoire bainteach le COVID-19.

21. Tá fáil ar an eolas is déanaí ón Roinn faoi COVID-19, lena n-áirítear ciorcláin, ag www.education.ie

22. Ba chóir ceisteanna faoi shocruithe eile do shannacháin shealadacha a chur chuig: temporaryassignment@publicjobs.ie

Tara Carton
Príomhoifigeach
Caidreamh Foirne Seachtraí
1 Aibreán 2020

Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
Health Service Executive

Sannachán Sealadach ar Chúntóirí Riachtanais Speisialta
Doiciméad Faisnéise
Márta 2020

1. Réamhrá & Cuspóir Uileghabhálach

Mar fhreagairt ar an ngéarchéim reatha sa tsláinte phoiblí, tá na hearnálacha sláinte agus oideachais ag obair le chéile chun acmhainní foirne a chur in ord tosaíochta le freagairt do na riachtanais chriticiúla a bhaineann le Covid-19. Tá gá leis seo ach go háirithe chun cuidiú le seirbhísí sláinte agus cúram líne thosaigh, go príomha do leanaí leochaileacha.
Tá Cúntóirí Riachtanais Speisialta (CRS) mar dhlúthchuid den earnáil oideachais agus bíonn ról tábhachtach acu ag cuidiú leis an múinteoir tacú le daltaí a bhfuil riachtanais chúram shuntasacha breise acu. Áirítear anseo raon idirbheartaíochtaí tacaíochta do scoláirí ar nós:

- cúnamh le leanaí a bhfuil deacrachtaí beathaithe acu
- cógais a thabhairt
- cúnamh le hoiliúint ar úsáid leithris agus sláinteachas i gcoitinne (cataitéarú san áireamh)
- cúnamh le gluaiseacht agus treoshuíomh
- cúnamh le leanaí a bhogadh agus a ardú, ardaitheoirí agus trealamh a úsáid
- cúnamh le deacrachtaí cumarsáide tromchúiseacha agus tacaíocht do scoláirí atá ciaptha (i.e. tacaíochtaí chun iompraíocht a bhainistiú).

Is é cuspóir an doiciméid seo ná a rianadh, do na páirtithe leasmhara ábhartha sa phróiseas sannacháin sealadach seo, na grúpaí tosaíochta ar féidir CRS a shannadh chucu go sealadach agus an modh cúraim atá i gceist.

2. Príomhpháirtithe Leasmhara

Beidh na príomhpháirtithe leasmhara seo a leanas ag comhoibriú maidir le CRS a shannadh go sealadach chuig reimsí oibre tosaíochta.

- An Roinn Oideachais agus Scileanna
- An Roinn Sláinte
- Feidhmeannas na Seirbhíse Sláinte (Eagraíochtaí Sláinte Pobail agus soláthróirí maoinithe)
- An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí (PAS)

Tuigtear gur príomhpháirtithe leasmhara iad fostóirí[1] agus ceardchumainn lena mbaineann na CRS chun tacú leis an tosaíocht do ghéarchéim an tsláinte phoiblí. Tá an comhoibriú leis na páirtithe leasmhara seo ríthábhachtach agus táthar buíoch dá leithéid i rith tréimhse géarchéime an tsláinte phoiblí.

3. Grúpaí Cúram Tosaíochta

Tá Feidhmeannas na Seirbhíse Sláinte, trína Fhoireann Seirbhísí Pobail, tar éis Seirbhísí Pobail a aithint do leanaí le míchumas mar chéad réimse tosaíochta don sannadh go sealadach ar CRS.

4. An Modh Cúraim atá i gceist & Suíomhanna Oibríochtúla

Maidir le seirbhísí míchumais, dírítear aird ar Aguisín 1, ina leagtar amach an tsamhail chúraim atá i gceist. Go sonrach, déanfar CRS a shannadh go sealadach chuig obair taobh le taobh le foireann seirbhíse don mhíchumas chun tacú le feidhmiú na samhla cúraim leasaithe le linn tréimhse na paindéime seo.
Tá sé i gceist go ndéanfar CRS a shannadh ar fud gach suíomh cúram pobail, pé acu suíomhanna poiblí, deonacha nó príobháideacha.

5. Feidhmiú agus Comhordú

Chun cumarsáid a éascú le linn na tréimhse seo, cuirfidh FSS socruithe ar fáil go réigiúnach/go háitiúil don chomhordú/do phointe teagmhála idir an soláthróir cúram sláinte ábhartha agus an fostóir áitiúil /pointí teagmhála oideachais nuair a aontaítear iad.

[1] Boird Oideachais agus Oiliúna (BOO) agus Údaráis Bhainistíochta Bunscoileanna, Meánscoileanna, Scoileanna Pobail agus Cuimsitheacha Aitheanta

Aguisín 1

Samhail Chúraim Oiriúnaithe do Dhaoine le Míchumas le linn Covid - 19

Tacaíochtaí CRS do Dhaoine le Riachtanais Chúram Sláinte Casta le linn Paindéim COVID-19 Tá leagan amach san aguisín seo ar róil sannacháin shealadacha féideartha a d'fhéadfadh an CRS a sholáthar, agus iad ag obair i gcomhpháirt le gairmeoirí cúram sláinte i seirbhísí míchumas leanaí. Ar an iomlán, beidh an taithí ábhartha ag na CRS agus ina lán cásanna, beidh aithne acu ar na leanaí lena ndéanfar iad a chur ag obair.

Bainistíocht Líne ar CRS i Seirbhísí do Leanaí ar Mhíchumas

D'fhéadfadh na hEagraíochtaí Cúram Sláinte Pobail (CHO) a iarraidh ar an bpríomheagraíocht (i.e. Eagraíochtaí Alt 38 nó 39[2]) ceannasaíocht a ghlacadh maidir le:

(i) Comhordú a dhéanamh ar dháileadh na CRS atá curtha ar fáil don CHO nó,
(ii) CRS sannta a dháileadh go díreach ar FSS agus na hEagraíochtaí Deonacha faoi na struchtúir do sheirbhísí bainistíochta leanaí atá ann cheana.

Pé cur chuige a ghlactar, caithfidh na CHO líne bhainistíochta shoiléir a dheimhniú do CRS a shanntar go sealadach do sheirbhísí míchumais leanaí. Caithfidh a mbainisteoirí líne a dheimniú go n-oibríonn na CRS go comhtháite leis na gairmeoirí cúram sláinte chun tosaíocht a thabhairt do chúram leanaí. Cuideoidh sé seo na torthaí is fearr a dheimhniú d'úsáideoir na seirbhíse agus do na teaghlaigh, agus éifeachtúlachtaí seirbhíse a chinntiú.

1. Roghanna don tacaíocht ón CRS rialta / a bhfuil taithí air/uirthi

- Sceideal laethúil do nasc gutháin nó físeáin trí WhatsApp / Facetime / Zoom srl., chun
    - Comhairle a sholáthar don rud a oibríonn de ghnáth don leanbh ar scoil, comhairle ar thimpeallacht ar nós stáisiún oibre a chruthú sa bhaile cosúil leis an tacaíocht scoile / oiliúna / léirithe
    - An sceideal a úsáidtear ar scoil a bhfuil taithí ag an leanbh air a roinnt m.sh. oiliúint ar úsáid leithris, briseadh céadfach, am scéalaíochta nó gníomhaíochtaí foghlama
    - Scéalta sóisialta chun cuidiú le leanaí tuiscint a fháil ar Covid - 19
- Tacaíocht chun iompraíochtaí dúshlánacha a bhainistiú
- Acmhainní/ábhair a sholáthar a úsáideann an leanbh /a bhfuil taithí ag an leanbh orthu ar scoil, i gcomhpháirt leis an múinteoir
- Soláthar tacaíochta sa bhaile maidir le
    - Comhairle / oiliúint / léiriú / tacaíocht
    - Am scéalaíochta nó gníomhaíochtaí foghlama

[2] Déantar tagairt in Ailt 38 agus 39 do na hAchtanna Sláinte ina soláthraítear an bonn dlithiúil ar a bhféadfadh FSS eintitis neamh-reachtúla a mhaoiniú chun seirbhísí cúram sláinte agus sóisialta a sholáthar (i.e. eintitis dheonacha agus bhrabúis).

- Tacaíochtaí chun iompraíochtaí dúshlánacha a bhainistiú
- Tacaíocht chun féin-chúram a bhainistiú

- Turais ghairde a thacú mar chineál faoisimh do theaghlaigh
- Seisiúin 1:1 a sholáthar in áisíneacht / i bhfoirgneamh seirbhísí míchumais a bhfuil taithí ag an leanbh agus ag an teaghlach air

2. Roghanna tacaíochta ó CRS gan taithí / ar bheagán taithí

- Clúdaíonn na tosca tosaíochta
  - Leanaí / teaghlaigh le hardleibhéal riachtanais mar atá aitheanta ag an tseirbhís míchumais
  - Teaghlaigh a bhfuil níos mó ná leanbh amháin acu le riachtanais bhreise
  - Teaghlaigh nach bhfuil tacaíochtaí seachtracha acu
- Iad seo le cur san áireamh san ullmhúchán
  - Dul i gcomhairle leis na Foirne Líonraí do Leanaí faoi Mhíchumas (FLLM/CDNT)
  - Na straitéisí / gníomhaíochtaí a sholáthraíonn na seirbhísí FLLM de réir mar is cuí
  - An pacáiste eolais a sholáthraítear le conair chuig seirbhísí rochtana i gcás éigeandála / imní ardleibhéil
- Seisiúin 1:1 a sholáthar in áisíneacht chuí/ i bhfoirgneamh seirbhísí míchumais a bhfuil taithí ag an leanbh agus ag an teaghlach air
- Feidhmiú mar bhall foirne breise do sheirbhísí faoisimh leanaí, go háirithe gníomhaíochtaí tacaíochtaí
- Tacú le gníomhaíochtaí foghlama do leanaí in ionaid aonraithe